



**Comhairle Contae
Dhún na nGall**
Donegal County Council

Scéim Teanga

Chomhairle Contae Dhún na nGall

2019 - 2022

Faoi Alt 15

d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

(An Ceathrú Scéim)

Clár

1 Cúlra.

- 1.1 Réamhrá
- 1.2 Ullmhú na Scéime
- 1.3 Dáta Tosaithe na Scéime
- 1.4 Custaiméirí agus Cliant Chomhairle Contae Dhún na nGall
- 1.5 Réimsí Feidhme Chomhairle Contae Dhún na nGall
- 1.6 Oifigí lena mbaineann an Scéim seo
- 1.7 Cúlra don Scéim Teanga
- 1.8 Athbhreithniú ar Dhul Chun Cinn faoi Scéimeanna roimhe seo

2 Achoimre ar na seirbhísí atá á gcur ar fáil ag Comhairle Contae Dhún na nGall

- 2.1 Seirbhísí Tithíochta, Corparáide agus Cultúir
- 2.2 Seirbhísí Bóithre agus Iompair
- 2.3 Seirbhísí Pobail agus Pleanála
- 2.4 Forbairt Eacnamaíochta, Córais Faisnéise agus Seirbhísí Éigeandála
- 2.5 Seirbhísí Uisce agus Timpeallachta
- 2.6 Seirbhísí Airgeadais
- 2.7 Príomh-mhodhanna chun cumarsáid scríofa a dhéanamh leis an phobal

3 Seirbhísí atá ar fáil sa dá theanga oifigiúla faoi láthair

- 3.1 Seirbhísí ag feidhmiú go príomha i nGaeilge
- 3.2 Seirbhísí ag feidhmiú go dátheangach
- 3.3 Seirbhísí ag feidhmiú go príomha i mBéarla

4 Seirbhísí Dátheangacha a fheabhsú

4.1 Treoirphrionsabail

4.2 Cúlra agus Comhthéacs

4.3 Seirbhísí ó Oifigí Éagsúla a Fheabhsú

4.3.1 Gach Oifig

Earcaíocht agus Lonnú Foirne

Oiliúint agus Forbairt

4.3.2 Ionad Seirbhíse Poiblí an Chlocháin Léith

4.3.3 Oifigí agus Seirbhísí eile sa Ghaeltacht

4.3.4 Gach Oifig agus Seirbhís eile taobh amuigh den Ghaeltacht

4.4 Córais Faisnéise

4.5 Foirmeacha Iarratais

4.6 Polasaí maidir le Cruinnithe Poiblí

4.7 Seirbhísí Gutháin

4.8 Na Meáin agus Preas-Ráitis

4.9 Bróisiúir agus Bileoga Eolais

4.10 Logainmneacha

4.11 Plean Forbartha Contae Dhún na nGall

4.12 Beartais Chothaithe Eile

5 Cur i bhFeidhm, Monatóireacht agus Athbhreithniú

5.1 An Ard-Bhainistíocht

5.2 An Pobal agus Baill Thofa

5.3 An Coiste Comhpháirtíochta Contae

5.4 An tOifigeach Seirbhísí Gaeilge

5.5 Iniúchtaí agus Suirbhéanna

6 An Scéim Chomhaontaithe a Phoibliú

Scéim Teanga Chomhairle Contae Dhún na nGall

2018-2021

Faoi Alt 15

d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Cuid 1: Cúlra

1.1 Réamhrá

Is í seo an ceathrú scéim a d'ullmhaigh Comhairle Contae Dhún na nGall faoi Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003.

Is é príomhchuspóir an Achta ná soláthar níos mó de sheirbhísí i nGaeilge a chur ar fáil ón tseirbhís phoiblí ar chaighdeán níos airde.

1.2 Ullmhú na Scéime

Ullmhaíodh an Scéim seo de réir na dTreoirínte faoi Alt 12 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

D'fhoilsigh Comhairle Contae Dhún na nGall fógra faoi Alt 13 i mí Feabhra 2017, ag lorg aighneachtaí maidir le hullmhú na scéime ó aon pháirtí leasmhar.

Féachann an scéim le tacú leis na geallúintí a rinneadh sa chéad trí scéim ó 2005 go dtí an lá inniu.

Tá curtha san áireamh sa scéim go bhfuil réimse de sheirbhísí díláraithe ag Comhairle Contae Dhún na nGall ar fud Chontae Dhún na nGall, ar a n-áirítear Ionaid Seirbhíse Poiblí i gCeantair Bhardais na nGleanntach, Dhún na nGall, Inis Eoghain, agus Leitir Ceanainn, chomh maith leis an Phríomh-Oifig Corparáide i Leifear, a fheidhmíonn fosta mar oifig do Cheantar Bardais Shrath an Urláir. Glactar san áireamh sa scéim fosta na hathruithe eagrúcháin is déanaí de bharr athruithe sa chomhthéacs eacnamaíochta (eg seirbhísí áirithe a athlárú, Ionad Teagmhála Custaiméara a neartú agus a fhorbairt, maolú ar an chosc ar earcaíocht, ach laghdú suntasach ar líon ball foirne san am céanna ó fhigiúirí 2007). Sa scéim seo, leantar de bheith ag díriú go speisialta ar neartú agus ar fhorbairt na seirbhísí trí Ghaeilge sna hIonaid sin atá ag freastal ar phobail Ghaeltachta, agus ar shuíomh idirlín na Comhairle agus na meáin shóisialta a úsáid chun cur go mór le cumarsáidí scríofa i nGaeilge ón Chomhairle leis an phobal, ar dhóigh atá éifeachtúil ó thaobh costais de, ach cuimsitheach san am céanna. Ach mar sin féin, aithníonn Comhairle Contae Dhún na nGall go bhfuil pobail Ghaeilge ag fás taobh amuigh den Ghaeltacht, go háirithe de bharr fhorbairt leanúnach na nGaelscoileanna agus pobail Ghaeloideachais eile, agus gur gá freastal ar na pobail seo.

1.3 Dáta Tosaithe na Scéime

Tá an scéim seo deimhnithe ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Tosaíonn an scéim ar an 04 Feabhra 2019 agus fanfaidh sé i bhfeidhm go ceann tréimhse trí bliana ón dáta seo nó go dtí go n-aontóidh an tAire scéim úr de réir Alt 15 den Acht, cibé dáta is déanaí.

1.4 Custaiméirí agus Cliant Chomhairle Contae Dhún na nGall

Baill den phobal, custaiméirí agus coistí pobail ar fud Chontae Dhún na nGall, Gaeltacht Dhún na nGall san áireamh

Iarratasóirí ar sheirbhísí faoi scéimeanna éagsúla

Ranna Rialtais, Áisíneachtaí Stáit agus seirbhísí poiblí eile

An Lucht Gnó

Údaráis áitiúla eile agus údaráis réigiúnacha eile

An Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil

Páirtneírí sóisialta, páirtithe leasmhara agus Cuideachtaí Forbartha Áitiúla

Na Meáin Áitiúla agus Náisiúnta, idir leictreonach agus i bprionta

1.5 Réimsí Feidhme Chomhairle Contae Dhún na nGall

Seirbhísí Tithíochta, Corparáide agus Cultúir

Seirbhísí Bóithre agus Iompair

Seirbhísí Pobail agus Pleanála

Forbairt Eacnamaíochta, Córais Faisnéise agus Seirbhísí Éigeandála

Seirbhísí Uisce agus Timpeallachta

Seirbhísí Airgeadais

1.6 Oifigí lena mbaineann an Scéim seo

Gach oifig de chuid Chomhairle Contae Dhún na nGall ar fud Chontae Dhún na nGall, ar a n-áirítear

Ionaid Seirbhíse Poiblí, Ionaid For-Rochtana, Leabharlanna Pobail, Stáisiúin Dóiteáin, Iarsmalanna, Ionaid Ealaíne agus Chultúrtha, Ionaid Traenála, Iostaí, Oifigí Tionscadail etc.

1.7 Cúlra don Scéim Teanga

Cuireann Acht na dTeangacha Oifigiúla dualgas ar chomhlachtaí poiblí, Comhairle Contae Dhún na nGall san áireamh, scéim a ullmhú ina leagfaidh muid síos na seirbhísí atá i gceist againn a sholáthar

- trí mheán na Gaeilge
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus na céimeanna a ghlacfaidh muid lena chinntiú go mbeidh aon seirbhís nach bhfuil ar fáil trí Ghaeilge ón Chomhairle á soláthar sa teanga sin amach anseo taobh istigh d'amscála atá le haontú.

Cuireann Alt 13 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 dualgas ar chomhlachtaí poiblí, Comhairle Contae Dhún na nGall san áireamh, a chinntiú

- go bhfuil go leor foirne againn atá iniúil sa Ghaeilge
- go mbeidh freastal á dhéanamh ar riachtanais áirithe Gaeilge a bhaineann le seirbhísí a sholáthar inár gceantracha Gaeltachta
- go mbeidh an Ghaeilge ina teanga oibre inár gcuid oifigí atá lonnaithe sa Ghaeltacht laistigh de thréimhse ama a bheidh le haontú leis an Aire, 2020 faoi láthair.

1.8 Achoimre ar an dul chun cinn a rinneadh sna trí Scéim roimhe seo 2005-2017

Tá dul chun cinn suntasach déanta thar thréimhse na chéad trí scéime agus is dúshraith í seo ar a dtig linn tuilleadh forbairtí a dhéanamh i rith thréimhse na scéime seo agus scéimeanna eile amach anseo. Tá an ceathrú scéim bunaithe ar an tuiscint go bhfuil gach ceann de na geallúintí a rinneadh sna chéad trí scéim curtha i bhfeidhm. Sa chás go bhfuil roinnt geallúintí sna scéimeanna sin nach bhfuil curtha i bhfeidhm ina n-iomláine go fóill, tá siad siúd á bplé agus á n-athbhreithniú ag Oifig an Choimisinéara Teanga. Is é an cuspóir atá leis an cheathrú Scéim seo ná leanúint de bheith ag cur i bhfeidhm na

ngeallúintí seo agus cur leis an dul chun cinn atá déanta ar fud na Comhairle thar thréimhse na scéimeanna roimhe seo. Leagann sé amach rún daingean na Comhairle seo agus ár mball foirne chun forbairt a dhéanamh ar an oiread seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge san am i láthair agus aithníonn muid réimsí a dhéanfar a fhorbairt san am atá romhainn. Cuireann ár Scéim úr le prionsabail na Seirbhíse Ardcháilíochta do Chustaiméirí, agus leanfar de bheith ag cinntiú go gcuideofar le custaiméirí ar mian leo a gcuid gnó a dhéanamh i nGaeilge.

Is iad seo a leanas na príomhchuspóirí a baineadh amach faoi na chéad trí scéim:

- Líne ar leith seirbhís chustaiméara i nGaeilge ó Lár-Ionad Seirbhíse Custaiméara na Comhairle, sa dóigh go dtig le gach custaiméir an chéad teagmháil, ar an ghuthán, a dhéanamh i nGaeilge líofa. (Ón Tríú Scéim)
- Rannóg Gaeilge faoi leith a bhunú (Deireadh an Tríú Scéim)
- Feabhas suntasach ar sheirbhísí trí Ghaeilge sa Ghaeltacht i dToghcheantar na nGleanntach trí thionscnaimh earcaíochta, lonnaíochta agus oiliúna (An Chéad Scéim)
- Méadú leanúnach suntasach i líon na gcustaiméirí a úsáideann an Ghaeilge in Ionad Seirbhísí Pobail an Chlocháin Léith (An Chéad Scéim)
 - Is féidir le hOifig na Comhairle in Ionad Seirbhíse Poiblí an Chlocháin Léith plé le custaiméirí i nGaeilge, ar an ghuthán agus duine le duine (An Chéad Scéim).
 - Oiliúint fhorleathan sa Ghaeilge a chur ar fáil do líon suntasach ball foirne ar fud an chontae, ar a n-áirítear Teastas Eorpach na Gaeilge faoi choimirce Ollscoil na hÉireann, Má Nuad, Diplómaí sa Ghaeilge i gcomhar le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge i nGaoth Dobhair agus Ollscoil Uladh, dianchúrsa in obair aistriúcháin do bhaill foirne atá líofa sa Ghaeilge cheana féin agus cúrsaí eile. (Na Trí Scéim)
 - Bhunaigh an Chomhairle Coiste Logainmneacha, a bhfuil athruithe móra polasaí tugtha isteach aige maidir le forbairtí úra tithíochta ar fud an chontae a ainmniú, agus béim ar leith ar an Ghaeilge, ar an chultúr agus ar thraidisiúin. (An Chéad Scéim)

- Suíomh idirlín dhátheangach a sholáthar do Chomhairle Contae Dhún na nGall. (An Chéad Scéim)
- foirmeacha iarratais a sholáthar i nGaeilge don phobal. (An Chéad Scéim)
- Thart fá 300 Lán-Scoláireacht Ghaeltachta san iomlán a chur ar fáil do dhaoine óga i gContae Dhún na nGall, i gcomhar leis na Coláistí Samhraidh. (Na Trí Scéim)
- iniúchadh ar na baill foirne le cumas Gaeilge na heagraíochta a mheas, agus le baill foirne atá inniúil ar an Ghaeilge a aithint. (Na Trí Scéim)
- An Ghaeilge ina cuid dhílis den phróiseas earcaíochta do phoist ar leith in oifigí agus seirbhísí ar leith. (An Chéad, an Dara, agus an Tríú Scéim)
- Páirteach gach bliain in imeachtaí Sheachtain na Gaeilge, ar a n-áirítear imeachtaí Leabharlainne, drámaíocht, oícheanta sóisialta srl. (Gach ceann de na Trí Scéim)
- Córas ateangaireachta a thabhairt isteach, agus a úsáid a leathnú, ag cruinnithe Choiste na nOileán, ag roinnt comhdhálacha a reáchtáil eagraíochtaí pobail eile (ón Chéad Scéim), ag cruinnithe iomlána Chomhairle Contae Dhún na nGall agus ag gach cruinniú de chuid Cheantar Bardais na nGleanntach (ón Tríú Scéim). Ceannaíodh córas úr - soghluaiste, raidió-bunaithe, níos nua-aimseartha - le linn an dara scéim agus an tríú scéim fosta, agus tá an córas seo, a bhfuil níos lú cáblaí ann agus atá níos gaiste le cur suas - ag cuidiú linn chun ateangaireacht a dhéanamh ag níos mó cruinnithe.
- tacaíocht leanúnach do Choiste na Gaeilge, ar a bhfuil 12 mball tofa de chuid Chomhairle Contae Dhún na nGall. (Gach scéim)
- Bhí Rannóg Pobail agus Fiontraíochta Chomhairle Contae Dhún na nGall páirteach go mór i dtionscnaimh le mór-imeachtaí ar nós Oireachtas na Gaeilge, Fleadh Cheoil

na hÉireann, agus An Fhéile Phan-Cheilteach a mhealladh isteach chuig bailte móra sa chontae nach raibh imeachtaí náisiúnta nó idirnáisiúnta den chineál seo iontu ariamh.

- Polasaithe chun tacú leis an Ghaeilge agus leis an Ghaeltacht a chur isteach i roinnt Pleananna Forbartha Contae Dhún na nGall.
- Níos mó dhátheangachais ar chomharthaí, ar cháipéisí, ar bhileogaí eolais, ar phreas-ráitis srl. (Gach Scéim)

Mar sin féin, aithníonn Comhairle Contae Dhún na nGall go bhfuil réimse seirbhísí nach bhfuil ar fáil trí Ghaeilge go fóill, agus fáiltimid roimh an deis seo sa cheathrú scéim lenár seirbhísí trí Ghaeilge a fhorbairt agus a fheabhsú níos mó arís.

Cuid 2

Achoimre ar na Seirbhísí atá á gcur ar fáil ag Comhairle Contae Dhún na nGall

Is é atá sa chaibidil seo forléagas ar na seirbhísí agus na feidhmeanna a chuireann Comhairle Contae Dhún na nGall ar fáil, trínár 6 Stiúrthóireacht ghinearálta.

2.1 Seirbhísí Tithíochta, Corparáide agus Cultúir

Corparáid agus Tithíocht

Seirbhísí Tithíochta
Tógáil Tithe / Foirgneamh
Acmhainní Daonna
Seirbhísí do Chomhairleoirí Tofa
Oiliúint

Mótarcháin
Saoráil Faisnéise
Rúnaíocht na Comhairle
Clár na dTogthóirí
Bainistiú Áiseanna

Seirbhísí Cultúrtha

Seirbhísí Leabharlainne

Oifig Ealaíne

An tSeirbhís Cartlainne
An tIonad Cultúrtha Réigiúnach
Músaem an Chontae

An Ealaín Phoiblí
Oidhreacht agus Caomhantas
Éire Ildánach

2.2 Seirbhísí Bóithre agus Iompair

Tógáil agus Cothabháil Bóithre
Sábháilteacht ar Bhóithre
An Oifig um Dhearadh Bóithre Náisiúnta
An Oifig um Dhearadh Bóithre Neamhnáisiúnta
An Oifig um Bainistiú Bóithre

Bainistiú Tráchtá
Céanna agus Cuanta
Soilsiú Poiblí
Tailte Adhlactha

2.3 Seirbhísí Pobail agus Pleanála

Pobal

An Coiste Forbartha Pobail Áitiúil
An Líonra Rannpháirtíochta Poiblí
Áiseanna Súgartha agus Fóillíochta
An tAonad um Chuimsiú Sóisialta

An Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail
Oifig na Scannán
Taighde agus Beartas
Rannóg na Gaeilge

Pleanáil

Seirbhísí Pleanála agus Forfheidhmiú Pleanála
Eastáit Tithíochta Neamhchríochnaithe

Polasaí Pleanála
Rialú Tógála

2.4 Forbairt Eacnamaíochta, Córais Faisnéise agus Seirbhísí

Éigeandála

Forbairt Eacnamaíochta:

An Oifig Fiontair Áitiúil
Margaíocht Turasóireachta
An tAonad um Maoiniú AE
IDE agus Infheistíocht Dhúchasach (tacaíocht)

Tionscadal Diaspóra Dhún na nGall
Rannpháirtíocht Dhomhanda
Infheistíocht Chaipiteal Straitéiseach

Córais Faisnéise:

Clár Oibre Digiteach
Bonneagar agus Gréasán
Pleanáil Chorparáideach

Teicneolaíocht na gCórais Faisnéise
Cumarsáidí agus Teagmháil le Meáin

Seirbhísí Éigeandála:

Seirbhís Dóiteáin
Cosaint Shibhialta

Bainistiú Mór-Éigeandála

2.5 Seirbhísí Uisce agus Timpeallachta

Bainistiú ar Chomhaontú Leibhéal Seirbhíse le hUisce Éireann	
Rialú an Truailithe	Bainistiú Dramhaíola
Bainistiú Tránna (Tránna Brait Ghoirm san áireamh)	Bainistiú Bruscair
Cosaint na Timpeallachta	Linnte Snámha
Seirbhísí Tréidliachta (Rialú Madaí san áireamh)	Cáilíocht an Uisce

2.6 Seirbhísí Airgeadais

Bainistiú Airgeadais
An tAonad um Bailiú Ioncaim
Párolla
Iniúchadh Inmheánach
Bainistiú Sócmhainní

Bainistiú Buiséid
Ráitis Bhliantúla Airgeadais
Cuntais Iníoctha
Soláthar agus Ceannach

2.7 Príomh-mhodhanna chun cumarsáid scríofa a dhéanamh leis an phobal

Is iad seo a leanas na príomh-mhodhanna cumarsáide scríofa a bhíonn againn lenár gcustaiméirí; comhfhreagras scríofa, bróisiúir agus bileoga eolais, foirmeacha iarratais, foilseacháin, preas-ráitis, suímh idirlín, na meáin shóisialta, fógraí, miontuairiscí cruinnithe agus tuarascálacha.

Cuid 3__

Seirbhísí atá ar fáil sa dá theanga oifigiúla faoi láthair

3.1 Seirbhísí ag feidhmiú go príomha i nGaeilge

Seo a leanas na seirbhísí atá á gcur ar fáil go príomha trí Ghaeilge agus leanfar leis seo i rith thréimhse na scéime seo.

- Forbairt Pobail (Ionad Seirbhísí Pobail an Chlocháin Léith)
- Stáisiún Dóiteáin Ghaoth Dobhair
- Rannóg na Gaeilge (Leifear agus Leitir Ceanainn)
- Leabharlann Phobail Ghaoth Dobhair
- Leabharlann Phobail an Chlocháin Léith

3.2 Seirbhísí ag feidhmiú go dátheangach

Seo a leanas na seirbhísí atá á gcur ar fáil go dátheangach agus leanfar leis seo i rith thréimhse na scéime seo.

- Mótarcháin (ISP An Chlocháin Léith)
- Seirbhís Custaiméara san Oifig Fáilte (ISP An Chlocháin Léith)
- Coiste na nOileán (ISP An Chlocháin Léith)
- Seirbhísí Tithíochta (ISP an Chlocháin Léith / Charn Domhnach / Bhaile na nGallóglach)
- Coiste Cheantar Bardais na nGleanntach

- Fiosrúcháin Ghinearálta Phleanála (Ceannáras i Leifear)
- Rannóg na mBóithre agus Iompair (ISP an Chlocháin Léith)
- Cigireacht Uisce (Paróiste Ghaoth Dobhair)
- Grúpscéimeanna Uisce / Deontais Toibreacha / Tionscadail Chaipitil (Ceannáras i Leifear)
- Oifigeach Ealaíne

3.3 Seirbhísí ag feidhmiú go príomha i mBéarla¹

- Córais Faisnéise (Ceannáras i Leifear)
- Oifig Acmhainní Daonna (Ceannáras i Leifear)
- Oifig an Phríomh-Fheidhmeannaigh (Ceannáras i Leifear)
- Oifig Fáilithe / Malartán (Ceannáras i Leifear) - Tá an ról seo á chur i bhfeidhm anois ag an Ionad Teagmhála Custaiméara, mar a bhfuil seirbhís i nGaeilge ar fáil
- Clár na dToghthóirí (Ceannáras i Leifear)
- Saoráil Faisnéise (Ceannáras i Leifear)
- Cruinnithe na Comhairle (Ceannáras i Leifear)
- Oifig Rúnaíochta Contae (Ceannáras i Leifear)
- Seirbhísí Airgeadais
- Músaem an Chontae
- Leabharlann an Chontae
- Seirbhís Cartlainne an Chontae
- Gach seirbhís eile nach bhfuil luaite in 3.1 agus 3.2 thuas

¹ Tá roinnt ball foirne sna seirbhísí atá luaite in 3.3 ag foghlaim na Gaeilge tríd an chóras Teastas Eorpach na Gaeilge, agus tá siad toilteanach an oiread Gaeilge agus is féidir a úsáid agus iad ag seachadadh seirbhísí don phobal.

Cuid 4

Seirbhísí Dátheangacha a fheabhsú

4.1 Treoirphrionsabail

Aithníonn Comhairle Contae Dhún na nGall:

- go bhfuil sé de cheart ag daoine aon cheann den dá theanga oifigiúla a úsáid
- gur féidir le duine a chuid riachtanas a chur in iúl níos éifeachtaí sa teanga a roghnaíonn sé nó sí.
- gur dea-chleachtas é rogha teanga a thabhairt do dhaoine agus iad ag úsáid seirbhísí údaráis áitiúil, agus go mbíonn toradh níos fearr ó thaobh ardchaighdeán na seirbhíse de.
- go bhfuil éacht stairiúil déanta ag muintir na Gaeltachta i dTír Chonail an Ghaeilge a choinneáil beo mar theanga phobail leis na cianta
- go bhfuil dualgas orainn cúram a dhéanamh, agus tacaíocht a thabhairt, le go leanfaí an Ghaeilge mar theanga labhartha na Gaeltachta agus go ndéanfaí í a fhorbairt.
- agus tá rún daingean ag Comhairle Contae Dhún na nGall chomh maith íomhá chorparáideach a fhorbairt ina mbeidh an dátheangachas mar chuid dár seirbhísí uilig.
- an gá atá le tacaíocht a thabhairt do thograí teanga eile de chuid an stáit nuair a bhaineann siad le hobair na Comhairle (eg Pleananna Teanga Gaeltachta, Bailte Seirbhíse Gaeltachta, An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030, Plean Teanga Cotnae Dhún na nGall, An Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail etc).

4.2 Cúlra agus Comhthéacs

Tá réimse de sheirbhísí díláraithe ag Comhairle Contae Dhún na nGall ar fud Chontae Dhún na nGall, ar a n-áirítear Ionaid Seirbhíse Poiblí i gCeantair Bhardais na nGleanntach, Dhún na nGall, Inis Eoghain, agus Leitir Ceanainn, chomh maith leis an Phríomh-Oifig Corparáide i Leifear, a fheidhmiú fosta mar oifig do Cheantar Bardais Shrath an Urláir.

Tá leibhéil éagsúla Gaeilge ag na baill foirne atá lonnaithe in achan cheann de na hIonaid Seirbhíse Poiblí, An Clochán Liath san áireamh, agus tá sé seo ina dhúshlán mór ag an Chomhairle maidir lenár gcuaspóir chun seirbhís dhátheangach d'ardchaighdeán, duine le duine, a sholáthar. De bharr gur tháinig laghdú mór ar líon na mball foirne idir 2008 agus 2016, cuid mhór acu a bhí ag soláthar seirbhísí trí Ghaeilge, agus de bharr laghdú ar an bhuiséad, cosc ar earcaíocht agus atheagrú struchtúrtha, bhí sé ag dul níos crua ar Chomhairle Contae Dhún na nGall ár seirbhísí a sholáthar trí mheán na Gaeilge.

Mar sin féin, tá an Chomhairle tiomanta chun líon, réimse agus caighdeán na seirbhísí a chuireann muid ar fáil don phobal trí Ghaeilge a fhorbairt, a chosaint agus a fheabhsú. Tá sé i gceist againn é seo a dhéanamh trí bheith ag leanúint leis an teicneolaíocht nua-aimseartha a úsáid (suíomh idirlín, seirbhísí idirghníomhacha ar líne, na meáin shóisialta), trí atheagrú foirne agus seirbhísí (ms. an Lár-Ionad Teagmhála Custaiméara), agus trí mhodhanna traidisiúnta (seirbhísí labhartha duine le duine, foilseacháin chlóite, comhfhreagras srl). Beidh an bhéim ar fad le linn an ceathrú scéim seo ar neartú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na ngeallúintí a rinne muid sna trí scéim roimhe seo, geallúintí a bhfuil síor-mhéadú leanúnach ar an ualach oibre a bhaineann leo.

4.3 Seirbhísí ó Oifigí Éagsúla a Fheabhsú

4.3.1 Gach Oifig

Tá Rannóg Acmhainní Daonna na Comhairle gníomhach i gcur i bhfeidhm cleachtas, agus i saincheisteanna foirne a chaithear dul i ngleic leo a aithint, maidir le seirbhísí a chur ar

fáil sa Ghaeilge. Glacfaidh, agus cloífidh, Comhairle Contae Dhún na nGall le haon pholasaí soiléir earcaíochta, nó moltaí ina leith, a d'fhéadfadh a bheith aontaithe go náisiúnta mar chuid den athbhreithniú atá á dhéanamh ar Acht na dTeangacha Oifigiúla faoi láthair.

Earcaíocht agus Lonnú Foirne

Idir an dá linn, leanfaidh An Chomhairle, i gcomhar, nuair is cuí, le Seirbhís na gCeapachán Poiblí, agus trí phróiseas comhairliúcháin le baill foirne agus a n-eagraíochtaí ionadaíocha, de bheith ag déanamh athbhreithniú ar pholasaithe earcaíochta agus lonnaithe foirne, agus é de chuspóir líon leordhóthanach foirne a earcú a bheas in ann seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge, agus maidir leis sin;

- Leanfaidh Comhairle Contae Dhún na nGall de bheith ag aithint postanna ina mbeidh cumas Gaeilge riachtanach (idir scríofa agus labhartha) ar fud na heagraíochta, agus béim ar leith ar phostanna in oifigí ag freastal ar an Ghaeltacht nó lonnaithe inti.
- I gcomhpháirt le heagraíochtaí ionadaíocha foirne, leanfaidh muid orainn ag déanamh athbhreithniú ar na socrúithe reatha, agus é mar chuspóir a chinntiú go gcuirfear cumas Gaeilge san áireamh in aon lonnú/athlonnú foirne chuig oifigí atá ag freastal ar cheantracha Gaeltachta.
- Leanfaidh An Chomhairle ag comhoibriú leis na baill foirne sin atá in ann seirbhísí a chur ar fáil i nGaeilge, agus ag lorg tacaíochta uathu, thar réimsí seirbhísí ina bhféadfaí éileamh a bheith ann ar sheirbhísí trí Ghaeilge. Lena gcead, cuirfear na baill foirne seo in aithne dár gcustaiméirí ar an suíomh idirlín, eolaí gutháin, srl;

Oiliúint agus Forbairt

Leanfaidh An Chomhairle lena coimhínt maidir le hoiliúint agus forbairt chuí a chur ar fáil do gach ball foirne, sa dá theanga oifigiúla, le freastal ar riachtanais athraitheacha ár gcustaiméirí agus le cur ar chumas ár mball foirne barr feabhais a bhaint amach ina saol gairme.

Is é a dhéanfaidh an Chomhairle:-

- Tacú go leanúnach le cúrsaí Gaeilge d'ardchaighdeán a chur ar fáil do bhaill foirne, i rith uaireanta oibre agus ina ndiaidh, trínár Scéim Oideachais do Bhaill Foirne, mar chuid chomhtháite de phríomhphlean oiliúna na Comhairle.
- Réimse cúrsaí a chur ar fáil, nuair is cuí, trí mheán na Gaeilge do bhaill foirne atá líofa sa Ghaeilge cheana féin (ms, ateangaireacht chomhuaineach, scileanna do na meáin chumarsáide, úsáid na Gaeilge ar ríomhairí, scileanna gramadaí agus scileanna scríofa litreacha srl)
- Cuirfear ábhar foghlamtha agus áiseanna teanga ar fáil do bhaill foirne (foclóirí, bogearraí ríomhaireachta, foilseacháin srl) le forbairt agus soláthar na seirbhísí trí Ghaeilge a éascú.
- Measúnú leanúnach a dhéanamh ar gach cúrsa, cúrsaí Gaeilge agus cúrsaí trí mheán na Gaeilge araon, lena mheas cé chomh héifeachtach is atá siad maidir le cuspóirí na Comhairle.
- Beidh feachtas teanga mar chuid de chúrsaí Ionduchtaithe agus Cúram Custaiméara araon, lena chinntiú:
 - Go dtuigeann baill foirne an fáth atá le polasaí dátheangach na Comhairle;
 - Go dtuigeann na baill foirne comhthéacs agus cúlra an pholasaí;
 - Go mbeidh eolas maith ag baill foirne ar an tionchar a bheas ag an pholasaí ar a gcuid oibre, agus
 - Go mbeidh tuiscint bháúil ag baill foirne maidir le riachtanais agus buairimh ár gcustaiméirí a labhraíonn an Ghaeilge
- Scrúdóidh An Chomhairle meicníochtaí eile (ms scéimeanna gradaim) le seirbhísí trí Ghaeilge a spreagadh agus a chothú i measc na mball foirne, agus le haitheantas a thabhairt do bhaill foirne.
- Cuirfear deiseanna oiliúna ar fáil do bhaill tofa atá ag iarraidh cur lena gcumas sa Ghaeilge agus atá ag iarraidh an Ghaeilge a úsáid.

4.3.2 Ionad Seirbhíse Poiblí an Chlocháin Léith

Ag cur san áireamh na dualgais reachtúla atá orainn, chomh maith le geallúint dhearbhaithe Chomhairle Contae Dhún na nGall sna chéad trí Scéim Teanga dár gcuid, go mbeidh an Ghaeilge ina teanga oibre in Ionad Seirbhíse Poiblí an Chlocháin Léith faoin bhliain 2020, déanfaidh Comhairle Contae Dhún na nGall, i gcomhar leis an fhoireann agus eagraíochtaí ionadaíocha na mball foirne, polasaithe agus straitéisí (féach 4.3.1 thuas) a fhorbairt leis an chuspóir sin a bhaint amach le linn tréimhse na scéime seo.

4.3.3 Oifigí agus Seirbhísí eile atá lonnaithe sa Ghaeltacht

Tá roinnt seirbhísí eile de chuid Chomhairle Contae Dhún na nGall suite sa Ghaeltacht, ar a n-airítear seirbhísí leabharlainne agus seirbhísí dóiteáin. Is í an Ghaeilge príomhtheanga oibre na leabharlann pobail i nGaoth Dobhair agus ar an Chlochán Liath, agus sa Stáisiún Dóiteáin i nGaoth Dobhair. Cuirfear tacaíocht ar fáil le go leanfar leis seo i rith na scéime seo.

Leanfaidh an Chomhairle, i gcomhpháirt le baill foirne agus le heagraíochtaí ionadaíochta foirne, de bheith ag forbairt polasaithe agus straitéisí (Féach Cuid 4.3.1 thuas) lena chinntiú go mbeidh an Ghaeilge ina teanga oibre sna hionaid seirbhíse uilig sa Ghaeltacht faoin bhliain 2020, ar a n-airítear na stáisiúin dóiteáin ar an Chlochán Liath, i nGleann Cholm Cille agus ar an Fhál Carrach.

4.3.4 Gach Oifig agus Seirbhísí eile taobh amuigh den Ghaeltacht.

Taobh istigh de thréimhse na scéime seo, trí earcaíocht, uas-sciliú nó athlonnú, agus i gcomhairle le baill foirne agus a n-eagraíochtaí ionadaíocha, déanfaidh Comhairle Contae Dhún na nGall a chinntiú:

Go mbeidh ar a laghad beirt bhall foirne a bheas in ann seirbhísí údaráis áitiúla a chur ar fáil trí Ghaeilge don phobal ó gach Ionad Seirbhíse Poiblí atá suite taobh amuigh de cheantar Gaeltachta ach atá ag freastal ar cheantar Gaeltachta, mar atá Ionad Seirbhíse Poiblí Bhaile Dhún na nGall agus Ionad

Seirbhíse Poiblí Leitir Ceanainn agus an An Lár-Ionad Teagmhála
Custaiméara úr i mBaile na nGallóglach.

- Go mbeidh ar a laghad ball foirne amháin in ann seirbhísí údaráis áitiúla a chur ar fáil trí Ghaeilge ó gach ceann de na hIonaid Seirbhíse Poiblí nach bhfuil ag freastal ar cheantar Gaeltachta, mar atá Ionad Seirbhíse Poiblí Charn Domhnach. Beidh ball foirne amháin, ar a laghad, in ann seirbhísí údaráis áitiúil a chur ar fáil ón phríomhoifig atá ag freastal ar thoghcheantar Shrath an Urláir, is é sin Ceannáras an Chontae i Leifear san am i láthair.

4.4 Córtais Faisnéise

Déanfaidh an Chomhairle:

- A chinntiú go leanfar leis an obair chun suíomh idirlín Chomhairle Contae Dhún na nGall a choinneáil go hiomlán dátheangach, ó thaobh oibriú an tsuímh agus ó thaobh ábhair de.
- a chinntiú go mbeidh aon ábhar buan ar aon suíomh idirlín eile a fhorbróidh Comhairle Contae Dhún na nGall, nó a fhorbrófar ar a son agus atá faoi smacht díreach na Comhairle, go mbeidh sin ar fáil go dátheangach.
- a chinntiú go leanfar de bheith ag cur 5 theachtaireacht sa tseachtain, ar a laghad (is é sin, ceann amháin gach lá ar an mheán), ar na Meáin Shóisialta, ag tabhairt tús áite do na fógraí agus do na seirbhísí sin is mó suim don phobal. (ó thús na scéime).
- Leanúint lenár bpolasaí seirbhísí i nGaeilge ó rannóga éagsúla a phoibliú dár gcustaiméirí ar an suíomh idirlín trí shonraí teagmhála a liostáil. Tá sé i gceist an liosta seo a choinneáil suas chun dáta ar bhonn leanúnach, de réir mar a bhunaítear seirbhísí úra. Beidh sé de thionchar breise leis sin go spreagfar muinín an phobail go bhfuil seirbhís d'ardchaighdeán ar fáil i nGaeilge agus tiocfaidh an t-éileamh foluiteach sin atá ann ar sheirbhísí trí Ghaeilge chun cinn.

- Leathanach idirlín na Comhairle atá ag plé le forbairt na Gaeilge a chothabháil agus a fhorbairt níos mó mar áis Ghaeilge don phobal.
- Leanúint le húsáid an chóras inlíne mar áis leis an Ghaeilge agus an dátheangachas a chur chun cinn i measc na mball foirne: eolas ar imeachtaí Gaeilge agus ar ghníomhaíochtaí Gaeilge, cuidiú le litreacha a scríobh, abairtí d'fháilteoirí, teidil na bpost agus na rannóg sa Chomhairle, óráidí foirmeálta srl.
- Leanfar de bheith ag scrúdú bealaí le húsáid bogearraí aistriúcháin a leathnú ar fud na heagraíochta, agus sin a chur i bhfeidhm de réir mar is cuí.
- Beidh aon chóras nua ríomhaireachta a shuiteálfar ábalta go hiomlán an Ghaeilge a láimhseáil, ach iad a bheith ar fáil.
- Déanfar gach córas ríomhaireachta atá ann cheana féin, nuair is gá, a chur in oiriúint don Ghaeilge i gcomhar leis an chéad obair uasghrádaithe nó cothabhála eile atá beartaithe.
- Caithfear aon seirbhís úr idirghníomhacha a chuirfidh ar chumas an phobail iarratais a dhéanamh nó liúntais a fháil ar líne a thabhairt isteach go comhuaineach sa dá theanga, ach iad a bheith ar fáil.
- Cinnteoidh An Chomhairle go ndéanfar gach seirbhís idirghníomhach idirlín atá ann cheana féin dátheangach i gcomhar leis an chéad obair uasghrádaithe nó cothabhála eile atá beartaithe.
- Cinnteoidh An Chomhairle go dtógfar ceist chumas na bpacáistí ríomhaireachta thuasluaite an Ghaeilge a láimhseáil sna chéad teagmhálacha le comhlachtaí, daoine comhairleacha srl, agus in aon teagmháil ina dhiaidh sin.
- Chuir Comhairle Contae Dhún na nGall seirbhís eisín ar fáil dár gcomhaltaí tofa. Scrúdóidh an Chomhairle dóigheanna éagsúla ina dtig linn an tseirbhís seo a úsáid ar mhaithe le húsáid na Gaeilge a chur chun cinn i measc Comhairleoirí, ms., abairtí i nGaeilge, eolas ar sheirbhísí agus ar imeachtaí i nGaeilge.

4.5 Foirmeacha Iarratais

Leanfaidh an Chomhairle dá polasaí rogha a thabhairt do gach custaiméir i gcónaí foirmeacha iarratais agus na doiciméid a ghabhann leo a fháil ina rogha teanga oifigiúil. Dá bhrí sin, is é polasaí na Comhairle a chinntiú go gcuirtear gach foirm iarratais agus na doiciméid a ghabhann leo ar fáil go comhuaineach sa dá theanga oifigiúla ar an suíomh idirlín s'againne, agus go leanfar leis an chleachtas seo.

Leanfaidh an Chomhairle de bheith ag aithint foirmeacha iarratais agus doiciméid ábhartha a thig a chur faoin aon chlúdach amháin. Cinnteoidh an Chomhairle go mbeidh foirmeacha den chineál seo, agus na doiciméid a ghabhann leo, ar fáil sa dá theanga oifigiúla faoin aon chlúdach amháin.

Sa chás go gcuirfeadh foirmeacha iarratais agus na doiciméid a ghabhann leo ar fáil ar leaganacha scartha i nGaeilge agus i mBéarla, cinnteoidh An Chomhairle go dtabharfar an tábhacht chéanna don dá leagan in achan ionad poiblí agus go mbeidh sé chomh furasta céanna teacht ar an leagan Gaeilge agus atá sé teacht ar an leagan Béarla. Cuirfeadh in iúl do chustaiméirí, ar dhóigh ghníomhach, go bhfuil leagan Gaeilge ar fáil trí ráiteas fóirsteanach a chur ar an leagan Béarla den doiciméad, agus ar dhóigheanna eile a shíleann an Chomhairle a bheith fóirsteanach.

4.6 Polasaí maidir le Cruinnithe Poiblí

Is i mBéarla a reáchtálann an Chomhairle an chuid is mó dá gcuid cruinnithe poiblí.

San am i láthair cuirtear córas ateangaireachta ar fáil ag na cruinnithe seo a leanas, agus leanfar leis sin:

- Gach cruinniú de chuid Choiste na Gaeilge

- Gach cruinniú de chuid Choiste na nOileán
- Gach cruinniú de chuid Cheantar Bardais na nGleanntach
- Gach cruinniú iomlán de chuid Chomhairle Contae Dhún na nGall
- Cruinnithe eile nuair is féidir de réir acmhainní foirne (eg Comhairle Óige Dhún na nGall, Comhairliúcháin Phoiblí sa Ghaeltacht etc)

Féachfar leis an chóras aistriúcháin a úsáid ag cruinnithe inmheánacha i measc ball foirne le deis a thabhairt do bhaill foirne ar cainteoirí Gaeilge iad scileanna aistriúcháin chomhuainigh a fhorbairt i gcomhthéacs sábháilte trialach.

Beidh córas aistriúcháin chomhuainigh Chomhairle Contae Dhún na nGall ar fáil, ar iarratas, d’eagraíochtaí pobail.

4.7 Seirbhísí Gutháin

Tá Lár-Ionad Teagmhála Custaiméara bunaithe ag Comhairle Contae Dhún na nGall don chontae ar fad. Pléann an tIonad Teagmhála Custaiméara le gach scairt ar Chomhairle Contae Dhún na nGall anois, ó aon áit agus ó aon toghcheantar taobh istigh den chontae, nó ó áiteanna taobh amuigh den chontae. Is é an tIonad Teagmhála Custaiméara an chéad phointe teagmhála don phobal anois.

Tá líne faoi leith Gaeilge ag an Lár-Ionad Teagmhála Custaiméara anois, agus déanfar sin a choinneáil, le go mbeidh deis ag gach custaiméar an chéad teagmháil leis an Chomhairle a dhéanamh go huile is go hiomlán i nGaeilge.

- Go bhfuil agus go mbeidh líon leordhóthanach ball foirne ag an Ionad Teagmhála Custaiméara chun plé le scairteanna i nGaeilge, gan mhoill agus go héifeachtach.
- Gach ball foirne atá ag freagairt scairteanna chuig an Ionad Teagmhála Custaiméara, tabharfaidh sé nó sí freagra dátheangach mar thús, ar gach scairt (beannacht agus/nó ainm eagraíochta), lena chur in iúl don chustaiméir go bhfuil rogha ann aon cheann den dá theanga a úsáid.

- go bhfuil sé, agus go mbeidh sé, de lánchumas ag baill foirne líne thosaigh in Ionad Seirbhísí Pobail an Chlocháin Liath plé i nGaeilge le cainteoirí líofa Gaeilge
- Gach ball foirne líne thosaigh in aon oifig eile, tabharfaidh sé nó sí freagra dátheangach ar gach scairt (beannacht agus/nó ainm eagraíochta nó rannóige), lena chur in iúl don chustaiméir go bhfuil rogha ann aon cheann den dá theanga a úsáid.

4.8 Na Meáin agus Preas-Ráitis

Aithneofar tuilleadh baill foirne údaráithe i ngach Seirbhís, nuair a bhítear ar fáil, le hagallaimh a dhéanamh leis na meáin Ghaeilge, go háirithe Ráidió na Gaeltachta agus TG4.

Leanfaidh Comhairle Contae Dhún na nGall de bheith ag eisiúint gach preas-ráiteas i nGaeilge amháin, nó i nGaeilge agus i mBéarla.

4.9 Bróisiúir agus Bileoga Eolais

Leanfaidh Comhairle Contae Dhún na nGall dá polasaí rogha a thabhairt do gach custaiméir i gcónaí bileoga eolais agus bróisiúir a fháil ina rogha teanga oifigiúil. Dá bhrí sin, is é polasaí na Comhairle a chinntiú go gcuirtear gach bileog eolais agus bróisiúir ar fáil go comhuaineach sa dá theanga oifigiúla, i bprionta agus ar an suíomh idirlín s’againne, agus go leanfar leis an chleachtas seo.

Leanfaidh an Chomhairle de bheith ag aithint roinnt bileog eolais agus bróisiúir a thig a chur faoin aon chlúdach amháin. Cinnteoidh an Chomhairle go mbeidh bileoga agus bróisiúir den chineál seo ar fáil sa dá theanga oifigiúla faoin aon chlúdach amháin.

Sa chás go gcuirfear bileoga agus bróisiúir ar fáil ar leaganacha scartha i nGaeilge agus i mBéarla, cinnteoidh An Chomhairle go dtabharfar an tábhacht chéanna don dá leagan in achan ionad poiblí agus go mbeidh sé chomh furasta céanna teacht ar an leagan Gaeilge

agus atá sé teacht ar an leagan Béarla. Cuirfear in iúl do chustaiméirí, ar dhóigh ghníomhach, go bhfuil leagan Gaeilge ar fáil trí ráiteas fóirsteanach a chur ar an leagan Béarla den doiciméad, agus ar dhóigheanna eile a shíleann an Chomhairle a bheith fóirsteanach.

Beidh bróisiúir agus bileoga eolais a bhaineann leis an Ghaeltacht i nGaeilge amháin, nó sa dá theanga.

Beidh doiciméid theicniúla i mBéarla amháin, ach amháin nuair a mheastar go mbeadh suim fhorleathan i measc an phobail ar a leithéid, nó nuair a bheadh tábhacht logánta leo, agus sa chás sin cuirfear leagan dhátteangach nó achoimre i nGaeilge ar fáil.

4.10 Logainmneacha

Sa bhreis ar na riachtanais reachtúla faoin Ordú Logainmneacha (Ceantair Ghaeltachta) 2004 agus 2011, leanfaidh Comhairle Contae Dhún na nGall de bheith ag cur chun cinn úsáid na leaganacha Gaeilge de logainmneacha Gaeltachta thar réimsí oibre agus gníomhaíochtaí nach bhfuil leagtha síos go sonrath san Ordú (ms bunachair shonraí, post, srl)

Leanfaidh Comhairle Contae Dhún na nGall de bheith ag spreagadh na foirne le húsáid níos mó a bhaint as leaganacha Gaeilge de logainmneacha taobh amuigh den Ghaeltacht.

Bhunaigh Comhairle Contae Dhún na nGall Coiste Logainmneacha i 2004. I measc théarmaí tagartha an Choiste, tá cur chun cinn úsáid na Gaeilge, na hoidhreachta agus an chultúir i roghnú ainmneacha d'fhorbairtí tithíochta, sráideanna srl. Leanfar den obair seo i rith an ceathrú scéim seo.

4.11 Plean Forbartha Contae Dhún na nGall

Leanfaidh Comhairle Contae Dhún na nGall ag cur i bhfeidhm gach foráil i bPlean Forbartha Contae Dhún na nGall maidir leis an Ghaeltacht agus an Ghaeilge.

4.12 Beartais Chothaithe Eile

Seo a leanas roinnt gníomhartha breise a dhéanfaidh An Chomhairle a chur ar fáil / a fhorbairt thar thréimhse na scéime:

- Leanfar leis an Scéim Scoláireachta, i gcomhar le Coláistí Gaeltachta sa chontae
- Leanfar le páirt a ghlacadh i Seachtain na Gaeilge (ms imeachtaí/taispeántais sna seirbhísí leabharlainne)
- Tacaíocht leanúnach do, nó a bheith páirteach in, imeachtaí Gaeilge i gContae Dhún na nGall (an tOireachtas, srl)
- Urraíocht ar dhuais Ghlór na nGael don choiste pobail áitiúil is mó a chuireann an Ghaeilge chun cinn i measc an phobail gach bliain.
- Scéim Fáinne a fhorbairt i measc ball foirne, sa dóigh is go mbeidh sé furasta don phobal, agus do bhaill foirne eile, a fheiceáil gur cainteoirí Gaeilge iad.
- Imeachtaí sóisialta Gaeilge a reáchtáil do bhaill foirne tríd an Chumann Sóisialta, chomh maith le maidneacha caife agus lóin Ghaeilge.
- Ábhar suntasach Gaeilge a bheith in aon nuachtlitir de chuid na foirne, bíodh sin i bhfoirm chlóite nó leictreonach.
- Nuair a chuirtear seirbhís i nGaeilge ar fáil, déanfar iarracht níos fearr lena chur in iúl don phobal cén tseirbhís go díreach atá ar fáil, cén áit, agus an duine a chuireann an tseirbhís ar fáil.
- Nuair a bhíonn baint ag an Chomhairle in eagrú féilte ar fud an chontae (ms., Féile an Eargail, Féile na gCruach Gorm, Bealtaine, Wainfest srl), leanfaimid de bheith ag spreagadh úsáid na Gaeilge agus imeachtaí Gaeilge mar chuid de na féilte seo.
- Tabharfaidh an Chomhairle aird ar riachtanais teanga ár gcuid Gaelscoileanna agus scoileanna Gaeltachta in aon imeachtaí agus in aon chomórtais.

- Ós rud é go bhfuil obair thábhachtach ar siúl ag roinnt eagraíochtaí náisiúnta agus áitiúla, agus ag áisíneachtaí eile atá bainteach le cothú agus caomhnú na Gaeilge, tá sé i gceist ag Comhairle Contae Dhún na nGall dul i gcomhairle go minic leis na háisíneachtaí seo i rith thréimhse na scéime seo, le scrúdú a dhéanamh ar aon bhuntáistí a d'fhéadfadh a bheith ann mar gheall ar chomhoibriú breise.

Cuid 5

Cur i bhFeidhm, Monatóireacht agus Athbhreithniú

5.1 An Ard-Bhainistíocht

Nuair a aontófar an scéim seo, is í an Ard-Bhainistíocht atá freagrach as a cur i bhfeidhm agus as monatóireacht a dhéanamh uirthi. Aithneoidh gach Stiúrthóir na príomhchuspóirí trína ndéanfar dul chun cinn a mheas, agus cuirfear tuairisc bhliantúil a chur ar fáil ó gach stiúrthóireacht don Phríomh-Fheidhmeannach. Déanfaidh an Ard-Bhainistíocht oibriú éifeachtach na scéime a scrúdú go rialta, tríd na meicníochtaí atá leagtha síos anseo.

5.2 An Pobal agus Bail Thofa

Beidh ról tábhachtach ag na comhaltaí tofa ar Chomhairle Contae Dhún na nGall maidir le tacú leis an chur chuige atá leagtha amach sa Scéim seo. Beidh an phríomhfhreagracht as seo ar an Choiste cúí um Bheartais Straitéiseacha.

Beidh tuairisc ar dhul chun cinn na Scéime ar fáil don phobal agus do chomhaltaí tofa tríd an Tuarascáil Bhliantúil agus trí Choiste na Gaeilge.

5.3 An Coiste Comhpháirtíochta Contae

Is é an Coiste Comhpháirtíochta Contae an mheicníocht trína ndéanfar lánpháirtíocht na mball foirne agus a n-eagraíochtaí ionadaíocha a chinntiú i bhforbairt na Gaeilge taobh istigh den eagrais, agus i raon agus i gcaighdeán na seirbhísí chuig custaiméirí.

5.4 An tOifigeach Seirbhísí Gaeilge

Déanfaidh an tOifigeach Seirbhísí Gaeilge, chomh maith le tacaíocht speisialtóireachta a chur ar fáil do bhainisteoirí líne agus do bhaill foirne, déanfaidh sé an dul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm na gcoimítmintí sa scéim a athbhreithniú go rialta, agus tuairisc a thabhairt don Ard-Bhainistíocht.

Féadfaidh An Chomhairle tograí forbartha eile nach bhfuil luaite sa scéim seo a thionscnamh, ina measc roinnt moltaí a tháinig isteach sna haighneachtaí a fuarthas ón phobal.

5.5 Iniúchtaí agus Suirbhéanna

Déanfaidh An Chomhairle leibhéal an éilimh ar sheirbhísí i nGaeilge a mheas trí iniúchadh a dhéanamh go rialta ar an líon iarratas/fiosrúchán a dhéantar trí Ghaeilge thar thréimhse réamhshocraithe.

Cuid 6

An Scéim Chomhaontaithe a Phoibliú

Déanfar poiblíocht ar a bhfuil sa scéim seo ar na bealaí seo a leanas:-

- Preas-Ráiteas
- Seoladh Oifigiúil na Scéime
- Scaipeadh chuig na háisíneachtaí agus na comhlachtaí poiblí cuí

- Suíomhanna idirlín na Comhairle.

Nuair a bheas sé de chumas ag Comhairle Contae Dhún na nGall seirbhís úr a chur ar fáil i nGaeilge, déanfar poiblíocht ar an tseirbhís seo ar an suíomh idirlín, ar chomharthaí, nó ónár nIonaid Seirbhíse Poiblí srl.

Lena chois sin thuas, tapóidh An Chomhairle gach deis agus iad ag plé lena gcuid custaiméirí ó lá go lá poiblíocht a thabhairt dá seirbhísí i nGaeilge, agus iad a chothú, trí a bheith:

- ag cur in iúl go díreach, ar bhonn gníomhach, do chustaiméirí go bhfuil rogha acu plé leis An Chomhairle i nGaeilge, mar shampla, trí fhógraí a chur in airde san oifig fáiltithe ag tabhairt eolais faoi na seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge agus trí iad seo a liostú ar shuíomhanna idirlín na Comhairle;
- fónótaí a chur ar threoirínte, ar bhileoga eolais agus ar fhoirmeacha iarratais ag cur in iúl go bhfuil na doiciméid seo ar fáil i nGaeilge chomh maith (sa chás nach mbíonn an t-ábhar dhátheangach ar fáil san aon chlúdach amháin); agus
- nótaí a chur i bhfoilseacháin agus i bhfógraí ag cur in iúl go gcuireann An Chomhairle seirbhísí ar fáil i nGaeilge, agus dá bhrí sin, go gcuirtear fáilte roimh chustaiméirí ar mian leo plé linn i nGaeilge, de réir na ngeallúintí atá sa scéim seo.

Tá cóip den scéim seo curtha chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.